Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**5749/26**

**FIN 137**
**PE-L 3**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 |

- *Glacadh*
- *Formheas litreach*

1. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad tuarascáil bhliantúil ón gCúirt maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2024[1] i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026.

2. Áirítear sa tuarascáil bhliantúil measúnú ar bheachtas chuntais comhdhlúite an Aontais agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo maidir le hioncam agus caiteachas bhuiséad an Aontais, atá mar bhonn leis an Ráiteas Dearbhaithe ón gCúirt.

3. Chinn an Chúirt go bhfuil ioncam na bliana 2024 dlíthiúil, rialta agus nach bhfuil aon earráid ábhartha ann.

[1] IO C, C/2025/5409, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5409/oj.

4. D'eisigh an Chúirt tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais tar éis di a chinneadh go bhfuil tionchar ag earráid ábhartha ar chaiteachas ardriosca (costais a aisíoc, faoi réir rialacha casta, den chuid is mó). Chomh maith leis sin, mheas an Chúirt, mar an gcéanna leis na 4 bliana roimhe sin, go raibh na hearráidí caiteachais forleatach.

5. An 6 Feabhra 2026, tháinig an Coiste um an mBuiséad ar chomhaontú maidir le dréachtmholadh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024. Leagtar amach an téacs in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

6. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de, agus le Rialacháin Airgeadais gach comhlachta, ceanglaítear ar an gComhairle moltaí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir le hurscaoileadh atá le tabhairt do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu agus a fhaigheann ranníocaíochtaí a mhuirearaítear ar an mbuiséad. Tá na dréachtmholtaí á gcur faoi bhráid na Comhairle lena nglacadh mar mhír 'A' ar leithligh[3].

7. Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle[4], agus go háirithe Airteagal 14(3) de, agus le Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún[5], agus go háirithe Airteagal 66, an chéad mhír de, ceanglaítear ar an gComhairle moltaí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir le hurscaoileadh a thabharfar do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin. Tá na dréachtmholtaí á gcur faoi bhráid na Comhairle chomh maith lena nglacadh mar mhír 'A' ar leithligh[6].

---

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

[3] 5750/26 ADD 1.

[4] Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/58/oj).

[5] Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 297, 22.9.2004, lch. 6, http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1653/oj).

[6] 5752/26 ADD 1.

8. Ina theannta sin, i gcomhréir leis na gníomhartha ábhartha bunaithe agus le hAirteagal 70(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ceanglaítear ar an gComhairle moltaí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir le hurscaoileadh atá le tabhairt do na comhghnóthais. Tá na dréachtmholtaí á gcur faoi bhráid na Comhairle chomh maith lena nglacadh mar mhír 'A' ar leithligh[7].

9. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas:

– an moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 a ghlacadh, mar a leagtar amach in ADD 1 é;

– na barúlacha ginearálta a ghabhann leis an moladh a fhormheas, mar atá san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an aguisín sin;

– a threorú d'Uachtarán na Comhairle an moladh thuasluaite, mar aon leis na barúlacha a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, agus an dréachtlitir san IARSCRÍBHINN a fhormheas chuige sin.

---

[7] 5753/26 ADD 1 REV 1.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 319(1) CFAE, táim ag seoladh chugat faoi chlúdach ar leithligh[1] an moladh ón gComhairle, an 17 Feabhra 2026, maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024.

Is mise le meas,

---

[1] 5749/26 + ADD 1.